Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Aibreán 2023
(OR. en)

8344/23

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0207(COD)**

**CODEC 618**
**CLIMA 193**
**ENV 371**
**AVIATION 84**
**MI 297**
**IND 172**
**ENER 186**
**ICAO 25**
**RELEX 459**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2003/87/CE maidir le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais chun astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus an beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme go hiomchuí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 8 Nollaig 2021[2].

3. Thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim uaidh an 28 Aibreán 2022[3].

[1] 10917/21; ADD 1-3.
[2] IO C 152, 6.4.2022, lch. 152.
[3] IO C 301, 5.8.2022, lch. 116.

4. An 18 Aibreán 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

5. Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Aibreán 2023, chomhaontaigh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE- CONS 8/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Bhulgáir agus an Pholainn ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Iarrtar ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 8/23 é.

8. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 7983/23.